Iascaireacht agus ró-iascaireacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ró-iascaireacht san Atlantach Thuaidh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad iad na héisc seo a leanas: ronnach, trosc, cadóg, agus mangach?
An itheann tú féin éisc? Cén cineál?
An bia sláintiúil é éisc? Cén tslí?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. threat _____
2. trade sanctions _____
3. unlawful destruction _____
4. mackerel stock _____
5. industry _____
6. overfishing _____
7. accused _____
8. valuable resource _____
9. negotiations _____
10. membership _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Roinneann an tAontas Eorpach tionscal iascaireachta na ronnach le trí thír eile – cad iad?
2. Cén céatadán den tionscal ar leis an Aontas Eorpach é?
3. Cad atá curtha i leith na hÍoslainne agus Oileáin Fharó?
4. Bhagair an tAontas Eorpach rud éigin ar na tíortha úd. Cad é?
5. Cad a deir an tAire Simon Coveney faoin scéal ar fad?
6. Cén fáth ar luadh an Coimisiún Eorpach sa mhír?

Ceist 4 'an Íoslainn' agus 'i leith na hÍoslainne'

Is focal baininscneach é 'Íoslainn' a thosaíonn le guta agus mar sin ní thagann aon athrú ar thús an fhocail sa tuiseal ainmneach.

Athraíonn an t-alt ó 'an' go dtí 'na' sa tuiseal ginideach uatha agus cuirtear 'h' ag tús an fhocail tar éis 'na' – cuidíonn sé seo an focal a rá mar go nascann an 'h' an dá ghuta. Cuirtear 'e' ag deireadh an fhocail bhaininscnigh go minic.

*Má chríochnaíonn focal baininscneach ar –acht nó –íocht, cuirtear 'a' leis go minic sa tuiseal ginideach.

(a) Féach ar na focail seo anois atá sa mhír agus líon na bearnaí sa bhosca.

An t-ainmfhocal	An t-ainmfhocal + an t-alt	An tuiseal ginideach uatha
talmhaíocht*		
Breatain		
ceist		
Iascaireacht*		
bliain		
acmhainn		
Bruiséil		
idirbheartaíocht*		

(b) Éist leis an mhír le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar chúis an tséimhithe agus an uraithe sa sliocht thíos:

Ag labhairt dó sa mBruiséil dúirt an tAire Coveney nach **bhf**éadfadh an tAontas Eorpach idirbheartaíocht a dhéanamh ar **bh**allraíocht na hÍoslainne san Aontas mura raibh an dá ***th***aobh in ann theacht ar shocrú faoin tslí is fearr iascaireacht a dhéanamh ar an ronnach. Ag an **gc**ruinniú sa mBruiséil inniu bhagair an tAontas Eorpach smachtbhannaí trádála ar an Íoslainn agus ar Oileáin Fharó mar gheall ar an slad mídhleathach, mar a thug an tAire Coveney air, atá á **dh**éanamh acu ar an stoc ronnach san Atlantach Thuaidh. D'aontaigh an Coimisiún Eorpach tús a chur leis na smachtbhannaí inniu tar éis d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe an **ch**eist a ardú ag cruinniú airí iascaireachta sa mBruiséil. Caoimhe Ní Laighin, nuacht TG4.

Ceist 6 Smaoinigh ar aon eachtra mhór a tharla i do cheantar féin le tamall anuas (timpiste, buachan cluiche peile, truailliú). Scríobh amach 10 bpointe eolais faoin eachtra sin. Déan cur síos ar an eachtra don duine in aice leat i bhfoirm mír nuachta mar atá díreach feicthe agat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ronnach – mackerel, trosc – cod, cadóg – haddock, mangach – pollock.

Ceist 2
Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt nuair atá an tuairisc á taispeáint.

1. threat	*bagair*
2. trade sanctions	*smachtbhannaí trádála*
3. unlawful destruction	*scrios mídhleathach*
4. mackerel stock	*stoc ronnach*
5. industry	*tionscal*
6. overfishing	*ró-iascaireacht*
7. accused	*curtha i leith*
8. valuable resource	*acmhainn luachmhar*
9. negotiations	*idirbheartaíocht*
10. membership	*ballraíocht*

Ceist 3
1. Roinneann an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó an chuid eile den iascaireacht ronnach leis an Aontas Eorpach.
2. Seasca faoin gcéad.
3. Tá ró-iascaireacht ronnach curtha i leith Oileáin Fharo agus na hÍoslainne.
4. Smachtbhannaí trádála.
5. Deir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, gurb é an ronnach an acmhainn is luachmhaire atá againn sa tír seo agus go ndéanfadh an ró-iascaireacht atá curtha i leith iascairí na hÍoslainne agus Oileáin Fharó slad ar an tionscal luachmhar sa tír seo. Deir sé gur rug an Íoslainn ar 150 míle tonna ronnach anuraidh agus go bhfuil sé beartaithe ag an tír breith ar an méid céanna i mbliana. Tugann sé scrios mídhleathach ar an ró-iascaireacht sin.
6. D'aontaigh an Coimisiún Eorpach tús a chur leis na smachtbhannaí inniu tar éis d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe an cheist a ardú ag cruinniú airí iascaireachta sa Bhruiséil.

Ceist 4

An t-ainmfhocal	An t-ainmfhocal + an t-alt	An tuiseal ginideach uatha
Talmhaíocht*	An talmhaíocht	na talmhaíochta
Breatain	An Bhreatain	na Breataine
ceist	An cheist	na ceiste
Iascaireacht*	An iascaireacht	na hiascaireachta
bliain	An bhliain	na bliana
acmhainn	An acmhainn	na hacmhainne
Bruiséil	An Bhruiséil	na Bruiséile
idirbheartaíocht*	An idirbheartaíocht	na hidirbheartaíochta

Ceist 5

nach bhféadfadh: bíonn urú ar an bhriathar tar éis ***nach***
ar bhallraíocht: bíonn séimhiú ar an ainmfhocal tar éis 'ar' nuair nach aonad atá ann nó staid
dá thaobh: tagann séimhiú tar éis 'dá' nuair a thosaíonn an focal le consan.
ag an gcruinniú: bíonn urú ar an ainmfhocal sa tuiseal tabharthach i gcanúint Chonnachta agus i gcanúint na Mumhan
á dhéanamh: tá an 'á' ag tagairt siar go dtí an focal 'slad' atá firinscneach
an cheist: focal baininscneach sa tuiseal ainmneach a thosaíonn le consan

Ceist 6
Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Tá bagairt déanta ag an Aontas Eorpach go gcuirfear smachtbhannaí trádála i bhfeidhm ar an Íoslainn agus ar Oileáin Fharó[1] mar gheall ar an scrios mídhleathach, mar a thugann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney air, atá déanta ar an stoc ronnach san Aigéan Atlantach Thuaidh. D'ardaigh an tír seo agus an Bhreatain an cheist ag cruinniú airí iascaireachta sa mBruiséil[2] ar maidin.

Caoimhe Ní Laighin
Is fiú billiún Euro in aghaidh na bliana tionscal na hiascaireachta ronnach agus is leis an Aontas Eorpach thart ar 60% de sin. Roinneann an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó an chuid eile eatarthu. Ach tá ró-iascaireacht ronnach curtha i leith na hÍoslainne agus Oileáin Fharó. Dúirt an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Simon Coveney, sa mBruiséil inniu gurb é an ronnach an acmhainn is luachmhaire atá againn sa tír seo agus dhéanfadh an ró-iascaireacht atá curtha i leith iascairí na hÍoslainne agus Oileáin Fharó slad ar an tionscal luachmhar sa tír seo. Dúirt sé gur rug an Íoslainn ar 150 míle tonna ronnach anuraidh agus go raibh sé beartaithe ag an tír breith ar an méid céanna i mbliana.

Ag labhairt dó sa mBruiséil dúirt an tAire Coveney nach bhféadfadh an tAontas Eorpach idirbheartaíocht a dhéanamh ar bhallraíocht na hÍoslainne san Aontas mura raibh an dá thaobh in ann theacht ar shocrú faoin tslí is fearr iascaireacht a dhéanamh ar an ronnach. Ag an gcruinniú sa mBruiséil inniu bhagair an tAontas Eorpach smachtbhannaí trádála ar an Íoslainn agus ar Oileáin Fharó mar gheall ar an slad mídhleathach, mar a thug an tAire Coveney air, atá á dhéanamh acu ar an stoc ronnach san Atlantach Thuaidh. D'aontaigh an Coimisiún Eorpach tús a chur leis na smachtbhannaí inniu tar éis d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe an cheist a ardú ag cruinniú airí iascaireachta sa mBruiséil.

Caoimhe Ní Laighin, nuacht TG4.

---

[1] '*na hOileáin Fharó*' a deirtear sa mhír.
[2] *'sa Bhruiséil'* a mholtar sa chaighdeán oifigiúil.